

Rabhadh Gála

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoi ghaoth ard a bheidh ag séideadh anocht.

Cén Ghaeilge atá ar na focail/ frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- orange warning
- 130km
- in effect/ in place
- one of the places that was hit
- speed
- issued
- cancel
- drivers had to
- diversion
- careful

Féach ar an tuairisc den chéad uair. An raibh an ceart agat?

Ceist 2 An féidir leat féin agus an duine in aice leat na focail chontrártha leis na cinn thíos a aimsiú. Tá an chéad cheann déanta duit:

Iarthuaisceart: Oirdheisceart
Deisceart: _____
Iarthar: _____
Oirthuaisceart: _____


Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

- a) Cén fáth a bhfuil foláireamh oráiste eisithe ag Met Éireann?
- b) Cá bhfuil an foláireamh oráiste?
- c) Cén fáth a bhfuil foláireamh buí eisithe ag Met Éireann?
- d) Cá bhfuil an foláireamh buí?
- e) Ar cuireadh isteach ar eitiltí ó Aerfort Dhún na nGall inniu?
- f) Cén fáth ar luadh Droichead *Harry Blaney* sa mhír?

Ceist 4 Bhí an tuiséal ginideach uatha de na focail seo le cloisteáil sa mhír. Líon na bearnaí leis an bhfoirm cheart den fhocal agus féach ar an mír ansin le feiceáil an raibh an ceart agat.

iarthar (an tír) _____
Slí (an tAtlantach Fiáin) _____
eitilt (an mhaidin) _____
de bharr (an aimsir) _____
trasna (an droichead) _____

Ceist 5 Scríobh isteach contaetha na tíre ar an léarscáil:



Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa:

1. Déan cur síos ar an aimsir is measa a chonaic tú riamh?
2. Cad a cheapann tú faoi aimsir na hÉireann go ginearálta?
3. Cad í an cineál aimsire is fearr leat? Cén fáth?
4. An bhfuil aimsir na hÉireann ag athrú de bharr an athraithe aeráide? Conas?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

orange warning – *foláireamh oráiste*

130km – *céad tríocha ciliméadar*

in effect /in place – *i bhfeidhm*

one of the places that was hit - *ceann de na háiteanna a bhí buailte*

speed – *luas*

issued – *eisithe*

cancel – *cuir ar ceal*

drivers had to – *b'éigean do thiománaithe*

diversion – *malairt slí*

careful – *cúramach*

Ceist 2

Iarthuaisceart: *Oirdheisceart*

Deisceart: *Tuaisceart*

Iarthar: *Oirthear*

Oirthuaisceart: *Iardheisceart*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

iarthar na tíre

Slí an Atlantaigh Fhiáin

eitilt na maidine

de bharr na haimsire

trasna an droichid

Ceist 5



Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceistanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Bhur gcéad fáilte ar ais. Tá foláireamh oráiste fógartha ag Met Éireann i gcúig chontae in iarthar na tíre, agus san iarthuaisceart, agus gaotha suas le céad tríocha ciliméadar san uair geallta. Beidh an foláireamh i bhfeidhm go dtí meán oíche anocht agus iarrtar ar dhaoine, go háirithe tiománaithe a bheith cúramach.

Caoimhe Ní Chonchoille

Farraige gharbh ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin i nGaoth Dobhair, i gContae Dhún na nGall, ceann de na háiteanna a bhí buailte ag gaoth láidir inniu. Agus luas le suas le céad tríocha ciliméadar san uair ag an ghaoth, tá foláireamh oráiste eisithe ag Met Éireann do Dhún na nGall, Liatroim, Maigh Eo, Sligeach agus Gaillimh. Tá foláireamh buí eisithe don chuid is mó de Chúige Laighean agus d'áiteanna éagsúla sa deisceart, agus gaoth d'idir nócha agus céad is a deich ciliméadar san uair ag séideadh sna háiteanna sin.

Ag Aerfort Dhún na nGall, d'éirigh le heitilt na maidine go Baile Átha Cliath imeacht ach b'éigean na heitiltí eile san iarnóin a chur ar ceal de bharr na haimsire.

Anseo, cúpla míle ó Charraig Airt tá Droichead *Harry Blaney* anseo ar mo chúl druidte mar gheall ar chomh láidir is atá an ghaoth inniu. Deir na húdaráis nach bhfosclófar¹ arís é, go dtí go laghdóidh an ghaoth. In áit dul trasna an droichid b'éigean do thiománaithe dul ar mhalairt slí ar feadh tríocha míle. Tá an foláireamh oráiste i bhfeidhm in iarthar agus in iardheisceart na tíre go dtí meán oíche anocht. Táthar ag iarraidh ar dhaoine a bheith cúramach, go háirithe agus iad ag tiomáint.

Caoimhe Ní Chonchoille, Nuacht TG4, i nGaoth Dobhair, i gContae Dhún na nGall.

¹ *osclófar* atá sa Chaighdeán Oifigiúil